



## LÉIRIÚ ÁBHAIR do MOLSCÉAL

I bhFómhar na bliana 2018, chuir TG4 tús le dhá bhranda nua Neamhlínióch, Molscéal, ag díriú ar croí phobal na Gaeilge agus Bloc, ag díriú ar árdán a thabhairt don lucht féachana óg faoi bhun 25 bliana.

Cuireann TG4 fáilte roimh comhlachtaí Léirithe a bheadh in ann cúram Léiriúcháin a dhéanamh do ábhar a chruthú a bheadh mar chranntaca do na h-árdáin seo.

### MOLSCÉAL:

Fáiltítear roimh chomhlachtaí atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, a mbeadh ar a gcumas scéalta físe áitiúla ó chroí phobal na Gaeltachta a sholáthair ar bhonn seachtainiúil a bheadh curtha in oiriúint do árdáin ar line Mholscéal. Is comhlachtaí atá á lorg a bhfuil grinn thuiscint acu ar Chroí Phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge, agus a bhfuil Foireann faoina gcúram atá in ann pacáistí a chruthú ar mhúnla scéalaí físe nó iriseoir físe.

Bheadh súil le soláthar scéalta reatha ó cheantair Gaeltachta (thart ar 5 scéal sa t-seachtain) – Bheadh scéalta ag teacht ó gach ceantar Gaeltachta agus clúdach leathan a thabhairt do na pobail éagsúla. D'fhéadfaí ó am go chéile sraitheanna a chruthú ar théamaí ar leith.

Bheadh luach thart ar €150,000 sa bhliain leis an gconradh seo agus d'fhéadfaí é a bhronnadh ar chomhlacht amháin aonarach nó ar chúpla comhlacht atá scaipithe i gceantair éagsúla. Bheadh cearta saoil treas ardán TG4 ag ábhar faoi bhranda Molscéal.

Tuilleadh eolais:

Is féidir breis eolais a dhéanamh ach teagmháil a dhéanamh le TG4 via Lís Ní Dhálaigh nó Deirdre Ní Choistín

### Ag Teastáil

Seol isteach bunsmainte ina ndéanfar cur síos ar na réimsí seo:

- An cur chuige físe don ábhar
- An cur chuige chun teacht ar soláthar reatha scéalta nó daoine - treas Ghaeltachta / treas Phobail Gaeilge
- An príomh Fhoireann Léirithe ar an togra.
- An buiséad: costas in aghaidh na míre
- Samplaí do cineál scéalta / cineál daoine a mholfá
- Léiriú ar thuiscint na comhlachta ar ábhar ar na h-árdáin soisialta.

## **Clár Ama**

Déardaoin 24ú Iúil                      Spriocdháta

Seachtain 27ú Iúil:                      Roghnúchán.

Tús Lúnasa:                              Réamhléiriú.

Meán Fómhair:                      Tús Foilsiú ar Mhíreanna.

## **Pointí tagartha:**

- MOLSCÉAL (TG4.ie/Molscéal)